BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Dara Dlísheomra)

12 Márta 2025 *

(Dearadh Comhphobail – Imeachtaí neamhbhailíochta – Dearadh Comhphobail cláraithe lena léirítear bolgán solais LED – Nochtadh an dearaidh níos luaithe a fhágáil as an áireamh – Airteagal 7(2) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 – Ceanglais – Dualgas cruthúnais)

I gCás T-66/24,

Lidl Vertriebs GmbH & Co. KG, arna bhunú in Anzing (an Ghearmáin), arna ionadú ag T. Dolde, C. Zimmer agus M. Hawkins, Dlíodóirí,

iarratasóir,

v

Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), arna hionadú ag D. Gája, i gcáil Gníomhaire,

cosantóir,

an páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta,

Liquidleds Lighting Corp., arna bhunú in Taipei (an Téaváin), arna ionadú ag S. Beckmann, Dlíodóir,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Dara Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: A. Marcoulli (Rapóirtéir), Uachtarán, W. Valasidis agus L. Spangsberg Grønfeldt, Breithiúna,

Cláraitheoir: P. Núñez Ruiz, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

i ndiaidh éisteacht an 21 Samhain 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

* Teanga an cháis: an Béarla.

Breithiúnas

1 Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar páirt-neamhní an cinneadh ón Tríú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 27 Samhain 2023 (Cás R 2336/2022-3) ('an cinneadh atá faoi chonspóid').

Cúlra na díospóide

2 An 25 Márta 2021, chuir an t-iarratasóir iarratas chuig EUIPO ar neamhbhailíocht an dearaidh Comhphobail arna chlárú i ndiaidh an iarratais arna thaisceadh an 12 Eanáir 2017 ag an idiragraí, Liquidleds Lighting Corp., ar dearadh é a léirítear mar a leanas:



3 Tháinig an táirge lena mbaineann an dearadh a luaitear i mír 2 thuas, a iarrtar go gcuirfí é ar neamhní, faoi Aicme 26.04 de réir bhrí Chomhaontú Locarno an 8 Deireadh Fómhair 1968 lena mBunaítear Aicmiú Idirnáisiúnta i gcomhair Dearaí Tionscail, arna leasú, agus cuireadh síos air mar a leanas: 'Bolgáin solais LED'.

4 Ba é an t-aon fhoras amháin arna agairt leis an iarratas ar neamhbhailíocht an bunús dá dtagraítear in Airteagal 25(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle an 12 Nollaig 2001 maidir le dearaí Comhphobail (IO 2002 L 3, lch. 1), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4(1) agus Airteagail 5 agus 6 den Rialachán céanna.

5 Bhí an t-iarratas ar neamhbhailíocht bunaithe ar an dearadh níos luaithe 'D1' agus ar an dearadh níos luaithe 'D2'.

6 An 23 Meán Fómhair 2022, dhiúltaigh an Rannán Cúlghairme don iarratas ar neamhbhailíocht.

7 An 28 Samhain 2022, rinne an t-iarratasóir achomharc os comhair EUIPO i gcoinne chinneadh an Rannáin Cúlghairme.

8 Leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, dhiúltaigh an Bord Achomhairc don achomharc. Chinn sé idir gur tháinig nochtadh an dearaidh níos luaithe 'D1' faoi raon feidhme na heisceachta dá bhforáiltear in Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002 agus nár léirigh an t-iarratasóir gur nochtadh an dearadh níos luaithe 'D2'.

An t-ordú atá á lorg

9 Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

– an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– A ordú do EUIPO agus don idiragraí na costais a íoc.

10 Iarrann EUIPO ar an gCúirt Ghinearálta:

– diúltú don chaingean;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc i gcás éisteacht a reáchtáil.

11 Iarrann EUIPO ar an gCúirt Ghinearálta:

– diúltú don chaingean;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc.

An dlí

12 Maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí aonair, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 6(1)(b), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002. Tá trí chuid sa tsaincheist dlí sin lena n-éilítear, go bunúsach, tríd an gcéad cheann, gur leithdháileadh an dualgas cruthúnais go mícheart, tríd an dara ceann, go ndearnadh scrúdú mícheart ar an bhfianaise agus, trí an tríú ceann, feidhmiú mícheart Airteagal 7(2) den Rialachán.

13 Ar dtús, ní mor a lua, mar a fhágann raon feidhme na saincheiste dlí aonair agus réim na gcaingne ina hiomláine agus mar a dhearbhaigh an t-iarratasóir le linn na héisteachta, an t-aon ábhar díospóide atá aige faoin gcinneadh atá faoi chonspóid ná breithnithe an Bhoird Achomhairc ó thaobh an dearaidh níos luaithe ‘D1’, a fágadh a nochtadh as an áireamh de réir bhrí Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002, i ndáil le hAirteagal 6 den Rialachán sin. Os a choinne sin, ní hábhar conspóide ag an iarratasóir breithnithe an Bhoird Achomhairc maidir leis an dearadh níos luaithe ‘D1’ gan a nochtadh. Dá bhrí sin, ní bhaineann an chaingean seo ach le neamhniú an chinnidh faoi chonspóid a mhéid a diúltaíodh leis caingean an iarratasóra maidir lena iarratas ar neamhbhailíocht a bhaineann leis an dearadh níos luaithe ‘D1’.

Réamhbharúlacha maidir leis an gcreat dlíthiúil ábhartha

14 De réir Airteagal 25(1)(b) de Rialachán Uimh. 6/2002, d’fhéadfaí a dhearbhú gur neamhbhailí dearadh Comhphobail i gcás nach gcomhlíontar leis na ceanglais arna leagan amach in Airteagail 4 go 9 den Rialachán sin, agus, go háirithe, maidir le húrnuacht agus sainiúlacht dá dtagraítear in Airteagail 5 agus 6 den Rialachán sin faoi seach.

15 De réir Airteagal 5(1)(b) de Rialachán Uimh. 6/2002, tugtar úrnuacht síos do dhearadh cláraithe i gcás nár nochtadh a chomhionann de dhearadh don phobal roimh dháta taiscthe an iarratais ar chlárú an dearaidh a iarrtar go gcosnófaí é nó, i gcás ina n-éilítear tosaíocht, roimh an dáta tosaíochta.

16 De réir Airteagal 6(1)(b) de Rialachán Uimh. 6/2002, tugtar sainiúlacht síos do dhearadh Comhphobail cláraithe i gcás nach dtéitear i bhfeidhm leis ar an úsáideoir eolach ar an mórgóir mar a théitear i bhfeidhm air le haon dearadh a nochtadh don phobal roimh dháta taiscthe an iarratais ar chlárú nó, i gcás ina n-éilítear tosaíocht, roimh an dáta tosaíochta.

17 Foráiltear le hAirteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 6/2002 go meastar gur nochtadh dearadh don phobal i gcás inar nochtadh é i ndiaidh a chláraithe nó i gcás a nochta ar chuma eile, i gcás a léirithe, a úsáide chun críocha trádáil nó a churtha ar fáil go poiblí ar dhóigh eile, roimh dháta taiscthe an iarratais ar chlárú nó, i gcás ina n-éilítear tosaíocht, roimh an dáta tosaíochta, seachas i gcás, i ngnáthchúrsa gnó, nárbh fhéidir an méid sin a bheith ar eolas ag dreamanna speisialaithe an tionscail lena mbaineann, atá i mbun gnó san Aontas Eorpach. Mar sin féin, ní mheastar gur nochtadh an dearadh don phobal ach i gcás nárbh ach le tríú páirtí a nochtadh é faoi rún go sainráite nó go hintuigthe.

18 Sonraítear le haithris 20 de Rialachán Uimh. 6/2002, áfach, gur gá gurb intriailte sa mhargadh na táirgí ar a bhfuil an dearadh ag an dearthóir nó ag a shannaí sula socródh sé an inmhianaithe cosaint chlárú an Aontais. Chuige sin, is gá a fhoráil gur cheart nach mbacfaí measúnú a dhéanamh ar úrnuacht nó sainiúlacht an dearaidh i gceist trí nochtadh an dearaidh ag an dearthóir nó ag a shannaí.

19 Mar sin, foráiltear dá leanas le hAirteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002:

‘Chun críocha Airteagail 5 agus 6, fágfar nochtadh as an áireamh i gcás nochta dearaidh don phobal a éilítear cosaint air mar dhearadh Comhphobail arna chlárú:

(a) ag an dearthóir nó ag a shannaí nó ag tríú páirtí ar bhonn faisnéis arna soláthar nó bearta arna ndéanamh ag a shannaí;

(b) le linn thréimhse 12 mhí roimh dháta taiscthe an iarratais ar chlárú nó, i gcás ina bhfuil tosaíocht á héileamh, roimh an dáta tosaíochta.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

20 Is i bhfianaise an mheabhrúcháin sin ar an gcreat dlíthiúil ábhartha nach mór scrúdú a dhéanamh ar na trí chuid den tsaincheist dlí aonair arna dtógáil ag an iarratasóir, dar tús an tríú cuid.

An tríú cuid den tsaincheist dlí aonair, lena n-éilítear feidhmiú mícheart Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002

21 Áitíonn an t-iarratasóir gur chuir an Bord Achomhairc Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002 i bhfeidhm go mícheart trí chinneadh nár ghá gur chomhionann an dearadh atá faoi chonspóid agus an dearadh arna nochtadh. Cé gur shonraigh an Bord Achomhairc i gceart go raibh feidhm ag an bhforáil atá i gceist maidir leis an scrúdú ar an tsainiúlacht chomh maith, ní fhéadfaí an fhoráil sin a fheidhmiú, áfach, maidir le cásanna nárbh ionann an dearadh arna nochtadh ar dtús leis an dearadh arna chlárú ina dhiaidh sin. De réir an iarratasóra, ceanglaítear leis an bhforáil sin gur comhionann an dearadh arna nochtadh ar dtús agus an dearadh arna chlárú ina dhiaidh sin agus is neamh-inchurtha i bhfeidhm an eisceacht murab amhlaidh an cás. Sa chás seo, ós rud é

nárbh ionann an dearadh arna nochtadh ar dtús leis an dearadh atá faoi chonspóid, ach go ndeachthas i bhfeidhm leis ar dhaoine mar an gcéanna ar an mórgóir, is neamh-inchurtha i bhfeidhm an fhoráil sin.

22 Cuireann EUIPO agus an t-idiragraí i gcoinne argóintí an iarratasóra.

23 Ní mór a thabhairt faoi deara ar dtús, mar a fhágann mír 19 thuas, go sonraítear ar dtús le hAirteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002 thuas '[c]hun críocha Airteagail 5 agus 6 [den Rialachán sin], [go bh]fágfar nochtadh as an áireamh' i gcás ina gcomhlíontar na ceanglais. Ansin, sonraíonn sé gurb é atá ceist ná 'cás nochta dearaidh don phobal a éilítear cosaint air mar dhearadh Comhphobail arna chlárú'. Ar deireadh, sonraíonn sé go bhfuil sé le nochtadh 'ag an dearthóir nó ag a shannaí' [Airteagal 7(2)(a) de Rialachán Uimh. 6/2002] agus 'le linn thréimhse 12 mhí roimh dháta taiscthe an iarratais ar chlárú' (Airteagal 7(2) (b) den Rialachán sin) ('an tréimhse chairde').

24 Dá bhrí sin, fágann Airteagal 7(2) de Rialachán 6/2002 go bhfuil feidhm ag eisceacht dá bhforáiltear ann i gcás nochtadh maidir leis an gcoinníoll maidir le cosaint dá bhforáiltear in Airteagal 5 den Rialachán sin a bhaineann le '[h]úrnuacht' dearaidh agus maidir le cosaint dá bhforáiltear in Airteagal 6 den Rialachán sin a bhaineann le 'sainiúlacht' dearaidh.

25 Ó thaobh na gceanglas maidir le cosaint, ní mór a thabhairt chun cuimhne, de réir bhrí Airteagail 5 agus 6 de Rialachán Uimh. 6/2002, ceanglaítear ar mhaithe le húrnuacht dearaidh nár nochtadh aon dearadh comhionann don phobal agus ar mhaithe le sainiúlacht an dearaidh nach dtéitear i bhfeidhm leis ar an úsáideoir eolach ar an mórgóir mar a théitear i bhfeidhm air le haon dearadh arna nochtadh don phobal.

26 Mar sin, bíodh is go gciallaíonn neamh-úrnuacht de réir Airteagal 5 den Rialachán Uimh. 6/2002 nár nochtadh dearadh comhionann, ciallaíonn neamh-shainiúlacht de réir bhrí Airteagal 6 den Rialachán sin nár nochtadh aon dearadh lena dtéitear i bhfeidhm ar an úsáideoir eolach mar an gcéanna.

27 Mar sin, de réir Airteagail 5 agus 6 de Rialachán Uimh. 6/2002, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7(2) den Rialachán sin, i gcás ina gcomhlíontar na ceanglais dá bhforáiltear san fhoráil sin, fágfar nochtadh dearaidh chomhionainn as an áireamh (chun críocha fheidhmiú Airteagal 5 den Rialachán sin) nó dearaidh lena dtéitear i bhfeidhm ar an úsáideoir eolach mar an gcéanna (chun críocha fheidhmiú Airteagal 6 den Rialachán sin).

28 Dá bhrí sin, caithfidh baint a bheith ag an nochtadh is infhágtha as an áireamh agus scrúdú á dhéanamh ar shainiúlacht le dearadh níos luaithe lena ndeachthas i bhfeidhm ar dhaoine ar an mórgóir mar a chuathas i bhfeidhm ar dhaoine ar an mórgóir leis an dearadh atá faoi chonspóid ar mhaithe le feidhmiú Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002, i gcomhar le hAirteagal 6 den Rialachán sin. Go deimhin, ní ach i gcás ina gcuirtear an eisceacht i bhfeidhm maidir le hAirteagal 5 den Rialachán sin agus scrúdú á dhéanamh ar úrnuacht a bhíonn baint ag nochtadh is infhágtha as an áireamh le dearadh níos luaithe is comhionann leis an dearadh atá faoi chonspóid.

29 Ina theannta sin, is féidir nochtadh dearaidh chomhionainn níos luaithe a bheith ina chúis le neamh-shainiúlacht chomh maith i gcleachtas toisc nach bhféadfaí dul i bhfeidhm ar bhealach eile ar dhaoine ar an mórgóir lena leithéid de dhearadh. Go deimhin, ní mór difríocht níos mó a bheith ann chun an coinníoll a chomhlíonadh maidir le sainiúlacht an dearaidh atá faoi

chonspóid ar aon dearadh níos luaithe sin ná chun an coinníoll a chomhlíonadh maidir le húrnuacht, rud a fhágann, *a fortiori*, nach féidir gur sainiúil dearadh nach dearadh nua é (féach breithiúnas an 27 Aibreán 2022, *Group Nivelles* v *EUIPO – Easy Sanitary Solutions (Clais Draenála Cithfholcadáin)*, T-327/20, EU:T:2022:263, mír 170 agus an cásdlí dá dtagraítear). Mar sin, cé gur cosúil gurb é is cinniúnach ar mhaithe le neamh-shainiúlacht ná neamh-úrnuacht (breithiúnas an 27 Aibreán 2022, *Clais Draenála Cithfholcadáin*, T-327/20, EU:T:2022:263, mír 171), níl sé riachtanach de réir an cheanglais maidir le sainiúlacht, as féin, nár nochtadh dearadh comhionann níos luaithe ach dearadh níos luaithe lena ndeachthas i bhfeidhm ar dhaoine ar an mórgóir mar an gcéanna, mar sin féin.

30 Dá réir sin, is é atá i gceist le hAirteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002, i gcomhar le hAirteagal 6 den Rialachán sin, ná nochtadh dearaidh níos luaithe a fhágáil as an áireamh lena ndeachthas i bhfeidhm ar dhaoine ar an mórgóir mar a chuathas i bhfeidhm ar dhaoine ar an mórgóir leis an dearadh atá faoi chonspóid.

31 Mar sin féin, murab ionann agus a bhfuil á áitiú ag an iarratasóir, ní inléirithe an fhoráil i gceist, i gcás ina dtagraítear leis do chás ‘nochta dearaidh don phobal a éilítear cosaint air mar dhearadh Comhphobail arna chlárú’ sa chaoi gur cheart gur ‘chomhionann’ an dearadh arna nochtadh don phobal (arb infhágtha as an áireamh a nochtadh i gcás ina gcomhlíontar an dá choinníoll atá san fhoráil sin) agus an dearadh atá faoi chonspóid nó gur cheart gurbh iad an t-aon dearadh amháin an dearadh sin agus an dearadh atá faoi chonspóid, ar dá réir a thugtar neamhaird ar a focail tríd is tríd, ar a comhthéacs agus ar an gcuspóir di.

32 Go deimhin, ní mór a thabhairt chun cuimhne, ar mhaithe le léiriú a dhéanamh ar choincheap dhlí an Aontais, nach iad focail a fhorála atá le cur san áireamh ach an a chomhthéacs agus na cuspóirí faoina dtugtar leis an reachtaíocht lena mbaineann sé chomh maith (breithiúnas an 24 Samhain 2011, *Circul Globus Bucureşti*, C-283/10, EU:C:2011:772, mír 32).

33 Mar sin, ní mór a lua nach bhfuil ‘comhionann’ ar fhocail Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002 ná nach dtagraítear ann don choincheap ‘comhionannas’ agus nach bhfuil an nath ‘an t-aon dearadh amháin’ san Airteagal sin ach an oiread. Dá mbeadh sé de rún ag reachtóir an Aontais an eisceacht i gceist a fheidhmiú maidir le nochtadh dearaidh ‘chomhionainn’ nó ‘an aon dearaidh amháin’, shonródh sé é sin go sainráite, mar a shonraigh sé i gcomhthéacs eile in Airteagal 41(1) den Rialachán sin, agus tagairt á déanamh aige don ‘aon dearadh amháin’.

34 Os a choinne sin, trí thagairt níos ginearálta a dhéanamh do nochtadh dearaidh chláraithe, is cosúil nach ndearna reachtóir an Aontais ach dearadh cláraithe agus dearadh arna nochtadh níos luaithe ag na daoine dá dtagraítear in Airteagal 7(2)(a) den Rialachán sin, le linn na tréimhse cairde dá dtagraítear in Airteagal 7(2)(b) den Rialachán sin, a cheangal go dlúth go dearfa. Ní fhágann focail Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002 astu féin, áfach, gurb incheangailte iad le bunús sa chás inar comhionann na dearaí sin agus sa chás ina dtéitear i bhfeidhm leo ar dhaoine mar an gcéanna, i bhfianaise chomhthéacs agus, tríd is tríd níos mó, chuspóir na forála i gceist.

35 Ar an gcéad dul síos, ó thaobh chomhthéacs na forála i gceist, is leor a thabhairt chun cuimhne, mar a luadh i míreanna 24 go 28 thuas, go ndéantar tagairt trí Airteagal 7(2) agus Airteagal 7(1) de Rialachán Uimh. 6/2002 d’Airteagail 5 agus 6 den Rialachán sin agus, dá bhrí sin, don scrúdú ar úrnuacht agus sainiúlacht an dearaidh atá faoi chonspóid. Is amhlaidh an cás maidir le haithris 20 de Rialachán Uimh. 6/2002, ar tugadh a raon feidhme chun cuimhne i mír 18 thuas. Ar mhaithe leis an scrúdú ar shainiúlacht an dearaidh atá faoi chonspóid, tá baint ag nochtadh is

infhágtha as an áireamh, de réir Airteagal 7(2) den Rialachán sin, le dearadh níos luaithe lena ndeachthas i bhfeidhm ar dhaoine ar an mórgóir mar a chuathas i bhfeidhm ar dhaoine ar an mórgóir leis an dearadh atá faoi chonspóid.

36 Ar an dara dul síos, maidir leis an gcuspóir di, féachtar tríd an eisceacht dá bhforáiltear in Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002 le leasanna an dearthóra agus a shannaí a chosaint (breithiúnas an 26 Aibreán 2023, *Activa – Grillküche* v *EUIPO – Targa (Gléas Gríosctha)*, T-757/21, EU:T:2023:216, mír 28). Go deimhin, is é is cuspóir d'Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002 gurbh inchurtha dearadh ar an margadh ar feadh tréimhse 12 mhí ag an dearthóir nó ag a shannaí, sular ghá tabhairt faoin nós imeachta taiscthe. Mar sin, le linn na tréimhse sin, d'fhéadfadh an dearthóir nó a shannaí a dheimhniú dó féin go bhfuil brabúis á ndéanamh leis an dearadh lena mbaineann roimh na táillí cláraithe a thabhú, ar neamheagla gurbh inagartha go rathúil an nochtadh sin le linn imeachtaí neamhbhailíochta arna dtionscnamh i ndiaidh chlárú féideartha an dearaidh lena mbaineann (breithiúnas an 14 Meitheamh 2011, *Sphere Time* v *OHIM – Punch (Uaireadóir ceangailte do láinnéar)*, T-68/10, EU:T:2011:269, míreanna 24 agus 25).

37 Thairis sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne, i gcomhréir le haithris 7 de Rialachán Uimh. 6/2002, go bhféachtar tríd an gcóras um chosaint dearaí Comhphobail le nuálaíocht, forbairt táirgí nua agus infheistíocht ina dtáirgeadh a spreagadh.

38 Chuirfí tóraíocht na gcuspóirí dá dtagraítear i míreanna 18, 36 agus 37 ó mhaith dá gceanglófaí i ngach cás ar an dearthóir nó ar a shannaí, ar mian leis feidhm a bhaint as an tréimhse chairde, i ndiaidh dearadh a thriail sa mhargadh, clárú an dearaidh a iarraidh mar a triaileadh é sa mhargadh ar dtús, gan torthaí iarbhíre na trialach sin a bheith inchurtha san áireamh, chun an dearadh sin a cheartú ar aon bhealach atá de dhíth ar mhaithe le deimhniú go ndéanfaí brabúis, agus gan bheith in ann clárú dearaidh a iarraidh dá bhrí sin, lena rachfaí i bhfeidhm ar dhaoine ar an mórgóir mar a rachfaí i bhfeidhm leis an dearadh arna thriail sa mhargadh ar dtús.

39 Go deimhin, thabharfaí le tuiscint tríd an léiriú lenar sheas an t-iarratasóir, trí dhearadh a chlárú nach comhionann an dearadh sin agus an dearadh arna thriail sa mhargadh, go rachadh an dearthóir nó a shannaí i bpriacail, in imeachtaí neamhbhailíochta, leis an dearadh níos luaithe sin a nochtadh as féin le linn na tréimhse cairde.

40 Mar sin, bheadh a leithéid de léiriú ar neamhréir leis an gcuspóir d'Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002 agus, ar an mórgóir níos mó, leis na gcóras um chosaint dhearaí an Chomhphobail, trína bhféachtar le dearadh a bheith intriailte ag an dearthóir sa mhargadh agus le nuálaíocht agus forbairt táirgí a spreagadh.

41 Fágann a bhfuil roimhe seo, murab ionann agus a raibh á áitiú ag an iarratasóir, nach gá gur comhionann an dearadh níos luaithe, arb infhágtha as an áireamh a nochtadh, agus an dearadh atá faoi chonspóid chun Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002 i gcomhar le hAirteagal 6 den Rialachán sin a fheidhmiú.

42 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don tríú cuid den tsaincheist dlí aonair.

An chéad chuid den tsaincheist dlí aonair, lena n-éilítear gur leithdháileadh an dualgas cruthúnais go mícheart

43 Áitíonn an t-iarratasóir gur faoin bpáirtí a agraíonn an eisceacht dá bhforáiltear in Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002 atá sé a chruthú go bhfuil feidhm aige agus go bhfuil na ceanglais lena mbaineann á gcomhlíonadh. Sa chás seo, áfach, d'aistrigh an Bord Achomhairc an dualgas cruthúnais ar fad chuig an iarratasóir. Ós rud é nár chomhall an t-idiragraí a dhualgas cruthúnais, níor ceanglaíodh ar an iarratasóir cur i gcoinne fheidhmiú na forála sin.

44 Cuireann EUIPO agus an t-idiragraí i gcoinne argóintí an iarratasóra.

45 I dtús báire, ní mór a thabhairt chun cuimhne, i gcás ina n-agraíonn an t-iarratasóir ar neamhbhailíocht an foras dá dtagraítear in Airteagal 25(1)(b) de Rialachán Uimh. 6/2002, nach mór dó an fhianaise a sholáthar le léiriú nach gcomhlíontar na ceanglais arna leagan amach in Airteagail 4 go 9 den Rialachán sin (breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2017, *Easy Sanitary Solutions agus EUIPO* v *Group Nivelles*, C-361/15 P agus C-405/15 P, EU:C:2017:720, mír 60).

46 Go háirithe, tá sé le bheith inchruthaithe tríd an bhfianaise arna hagairt, de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá, gurb amhlaidh gur nochtadh an dearadh níos luaithe don phobal roimh dháta taiscthe an iarratais ar chlárú an dearaidh atá faoi chonspóid (breithiúnas an 21 Meitheamh 2018, *Haverkamp IP* v *EUIPO – Sissel (Patrún dromchla duirlinge)*, T-228/16, nár foilsíodh, EU:T:2018:369, mír 27).

47 Os a choinne sin, ar dhóigh gurb infheidhme Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002 in imeachtaí neamhbhailíochta, ní foláir don duine ar leis an dearadh atá i gceist leis an iarratas ar neamhbhailíocht a chruthú gurb é is dearthóir an dearaidh arna agairt mar bhunús leis an iarratas sin nó sannaí an dearthóra sin (breithiúnas an 15 Meitheamh, 2011, *Uaireadóir ceangailte do láinnéar*, T-68/10, EU:T:2011:269, mír 26), gur nocht sé an dearadh sin nó go ndearna tríú páirtí amhlaidh de réir faisnéis arna soláthar nó bearta arna ndéanamh aige agus go nocht sé é le linn na tréimhse cairde.

48 Ar dtús, thug an Bord Achomhairc le fios i míreanna 32 agus 33 den chinneadh atá faoi chonspóid gur léiríodh leis an bhfianaise arna tíolacadh ag an iarratasóir mar thaca lena iarratas ar neamhbhailíocht gur nochtadh an dearadh 'D1' níos luaithe, rud nár chuir an t-idiragraí ina choinne mar sin féin.

49 Ansin, shonraigh an Bord Achomhairc i mír 34 den chinneadh atá faoi chonspóid gur áitigh an t-idiragraí nár mhór feidhm a bheith ag an eisceacht dá dtagraítear in Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002. I ndáil leis sin, thug an Bord Achomhairc le fios i mír 36 den chinneadh atá faoi chonspóid go raibh an fhianaise ábhartha le soláthar ag an bpáirtí a bhí feidhmiú na heisceachta sin á agairt aige. Luaigh an Bord Achomhairc i mír 37 den chinneadh atá faoi chonspóid chomh maith, i gcás ina raibh sé de rún ag an iarratasóir ar neamhbhailíocht cur i gcoinne fheidhmiú na forála sin, go raibh fianaise tacaíochta le tabhairt aige.

50 Ar deireadh, ar bhonn na bprionsabal sin, i míreanna 38 go 42 agus 44 à 49 den chinneadh atá faoi chonspóid, scrúdaigh an Bord Achomhairc an fhianaise arna tabhairt mar thaca le feidhmiú na heisceachta dá dtagraítear in Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002 agus na barúlacha arna dtíolacadh ag an iarratasóir chun cur i gcoinne fheidhmiú na heisceachta sin. Mar sin, chinn an

Bord Achomhairc i míreanna 43 agus 50 den chinneadh atá faoi chonspóid gurbh infheidhme maidir leis an cás seo an eisceacht arna hagairt ag an idiragraí agus nár nocht an t-iarratasóir lena bhféadfaí amhras a tharraingt ar an gcinneadh sin.

51 Ar an gcéad dul síos, ní mór a lua, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i míreanna 45 go 47 thuas, gurbh faoin iarratasóir a bhí sé ar dtús a léiriú nár comhlíonadh na ceanglais maidir le cosaint leis an dearadh atá faoi chonspóid agus, go háirithe, ar an gcéad dul síos, gur nochtadh an dearadh níos luaithe don phobal. Dá bhrí sin, maidir le nochtadh an dearaidh níos luaithe, ba faoin idiragraí, i gcás inarb iomchuí, brath ar an eisceacht dá bhforáiltear in Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002 agus a léiriú gur comhlíonadh na ceanglais lena fheidhmiú.

52 Mar is léir ó mhíreanna 48 go 50 thuas, bhí na prionsabail sin á gcomhlíonadh ag an mBord Achomhairc agus scrúdú á dhéanamh aige ar infheidhmeacht na heisceachta dá bhforáiltear in Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002 a d'agair an t-iarratasóir de réir na fianaise arna tíolacadh aige, i ndiaidh a chinneadh gur nochtadh an dearadh níos luaithe 'D1' don phobal, rud nár chuir an i-iarratasóir faoi chonspóid.

53 Ar an dara dul síos, mar is léir ón gcinneadh atá faoi chonspóid agus ó mhíreanna 49 agus 50 thuas, rinne an Bord Achomhairc scrúdú ar na barúlacha arna dtíolacadh ag an iarratasóir chun cur i gcoinne fheidhmiú na heisceachta sin chomh maith.

54 Trí scrúdú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh ag an iarratasóir chuige sin agus ar aon fhianaise arna tíolacadh aige lena bharúlacha, níor aistrigh an Bord Achomhairc an dualgas cruthúnais ar an iarratasóir, ach ba iad a chuir sé i bhfeidhm ná an prionsabal ginearálta maidir le cearta na cosanta a chosaint agus, le bheith níos cruinne faoi, Airteagal 62 de Rialachán Uimh. 6/2002, arb ionann é agus cur i sainfheidhm an phrionsabail sin. Go deimhin, foráiltear leis an dara habairt den fhoráil sin nach intugtha mar bhunús le cinntí EUIPO ach forais nó fianaise a d'fhéadfadh na páirtithe intinn áirithe a dhéanamh fúthu (féach, de réir analaí, breithiúnas an 21 Aibreán 2021, *Hasbro* v *EUIPO – Kreativni Dogadaji (MONOPOLY)*, T-663/19, EU:T:2021:211, mír 119). Mar sin féin, ní mór a cinneadh nár agair an t-iarratasóir sárú ar phrionsabal na forála sin os comhair na Cúirte.

55 Thairis sin, murab ionann agus a bhfuil á thabhairt le tuiscint ag an iarratasóir, níl intíolacthacht éifeachtach barúlacha aige faoi réir an choinníll gurb inchreidte leanúnach go pointe áirithe na mínithe agus an fhianaise arna dtabhairt mar bhunús ag an iarratasóir le feidhmiú Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002. Os a choinne sin, is trína bharúlacha gur féidir leis an iarratasóir na cúiseanna a chur ar a súile do lucht chomhlachtaí EUIPO ar dá réir nárbh inchreidte ná leanúnach na mínithe agus fianaise de chuid an iarratasóra. Dá bhrí sin, ní dhearnadh gur neamh-intíolactha go héifeachtach na barúlacha de chuid an iarratasóra nó an dualgas cruthúnais a aistriú chun dochar dó de thoisc líomhainte, dar leis, gur bheag inchreidte leanúnach na mínithe agus fianaise dá chuid.

56 Is deimhin gur cosúil gur thug an Bord Achomhairc le fios i mír 37 den chinneadh atá faoi chonspóid nach bhfuil fianaise tacaíochta le tabhairt ar aird ag an bpáirtí a bhfuil sé de rún aige cur i gcoinne fheidhmiú na heisceachta dá dtagraítear in Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002. Bíodh is beag soiléir go haiféalach an sonrú sin, áfach, níl intuigthe uaidh gur ghá nár mhór do pháirtí dá leithéid, amhail an t-iarratasóir sa chás seo, fianaise tacaíochta a thabhairt lena bharúlacha, ós féidir leis an iarratasóir, de réir mar a bheidh, gan ach barúlacha a thabhairt ar na mínithe agus fianaise arna dtabhairt ag an bpáirtí a bhfuil feidhmiú na heisceachta sin á agairt aige.

57 Sa chás seo, ní mór a thabhairt chun cuimhne, ach go háirithe, gur scrúdaigh an Bord Achomhairc na mínithe agus an fhianaise arna dtíolacadh ag an idiragraí chun údar a thabhairt le feidhmiú Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002 agus leis na barúlacha arna dtíolacadh ag iarratasóir chun cur i gcoinne an iarratais.

58 Fágann a bhfuil roimhe seo, murab ionann agus a bhfuil á a áitiú ag an iarratasóir, nach ndearna an Bord Achomhairc earráid dlí agus an dualgas cruthúnais á leithdháileadh nó nár aistríodh an t-ualach sin go mícheart chuig an iarratasóir.

59 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chéad chuid den tsaincheist dlí aonair.

An dara cuid den tsaincheist dlí aonair, lena n-éilítear go ndearnadh scrúdú mícheart ar an bhfianaise

60 Maíonn an t-iarratasóir go ndearna an Bord Achomhairc earráid agus an fhianaise á hagairt aige a thug an t-idiragraí ar aird, ar fianaise í a bhí neamhleanúnach. Ar an gcéad dul síos, níor chomhionann an dearadh arna nochtadh go líomhainte ar an aonach faoi Mhárta 2016 (a luaitear in Iarscríbhinn R8 sna himeachtaí os comhair EUIPO) agus an dearadh atá faoi chonspóid, toisc go raibh roinnt difríochtaí eatarthu ó thaobh bharr an fhiliméid, a oiread sin cornaí atá iontu, a airde agus atá an lorga gloine agus chríochphointe an fhiliméid. Ar an dara dul síos, tá faisnéis mhícheart sa ráiteas ón bhfinné (arna thabhairt ar aird in Iarscríbhinn R10 sna himeachtaí os comhair EUIPO), ós rud nár chomhionann íomhá an bholgáin atá in Iarscríbhinn 1 agus an dearadh atá faoi chonspóid, toisc go raibh difríochtaí soiléire aige ó thaobh chlár an chorna, threo an fhiliméid, chríochphointe an fhiliméid agus a airde agus atá na cornaí ar an iomlán. Ar an tríú dul síos, ní hionann an dearadh níos luaithe 'D1' agus an dearadh atá faoi chonspóid. Ar thaobh amháin, bhí na lorgaí gloine ar mhalairt faid agus bhí barr an chorna ina malairt d'áit agus ag dul ina mhalairt de threo. Ar an taobh eile, níorbh inmhínithe difríochtaí crutha an fhiliméid ag na bolgáin a bheith lasta agus ag frithchaitheamh an tsolais ar an ngloine. Ar deireadh, de réir an iarratasóra, ós léir ón bhfianaise gurb ann do cheithre bholgán ar leith ina bhfuil filiméad bíseach (arb iad na bolgáin a léirítear leis an dearadh atá faoi chonspóid, leis an dearadh níos luaithe 'D1', in Iarscríbhinn R8 agus in Iarscríbhinn R10), bhí sé de cheart ag an mBord Achomhairc a rialú gur neamh-leanúnach agus gur bheag dochloíte an fhianaise.

61 Cuireann EUIPO agus an t-idiragraí i gcoinne argóintí an iarratasóra.

62 Mar réamhphointe, ní mór a thabhairt faoi deara go n-áitíonn an t-iarratasóir, dá bhrí sin, go bunúsach, ar an gcéad dul síos, nach ionann dearadh níos luaithe 'D1' agus an dearadh atá faoi chonspóid agus, ar an dara dul síos, gur neamh-ionann na bolgáin solais in Iarscríbhinní R8 agus R10 agus an bolgán a léirítear sa dearadh atá faoi chonspóid.

63 Ar an gcéad dul síos, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil an argóint de chuid an iarratasóra nár chomhionann an dearadh atá faoi chonspóid agus an dearadh níos luaithe 'D1' ar neamhréir fhollasach le hábhar an iarratais ar neamhbhailíocht a thíolaic an t-iarratasóir féin os comhair EUIPO, ar dá réir a d'áitigh sé gur chomhionann na dearaí sin. Nuair a ceistíodh é ina leith sin ag an éisteacht, mhínigh an t-iarratasóir nár chomhionann leis na dearaí sin ach de réir bhrí Airteagal 5 de Rialachán Uimh. 6/2002. Is leor a thabhairt faoi deara nach féidir a mhalairt de mheasúnú a dhéanamh ar chomhionannas an dá dhearadh de réir fhorálacha an Rialacháin sin arna gcur san áireamh, is iad sin, ar an gcéad dul síos, Airteagal 5 den Rialachán sin agus, ar an dara dul síos, Airteagal 7(2) den Rialachán sin, i gcomhar le hAirteagal 6 den Rialachán sin.

64 Mar sin féin, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil bunús mícheart le hargóintí an iarratasóra.

65 Go deimhin, mar is léir ón scrúdú ar an tríú cuid den tsaincheist dlí aonair, arna déanamh i míreanna 23 go 41 den bhreithiúnas seo, ní gá gur comhionann an dearadh níos luaithe (arb infhágtha as an áireamh a scaoileadh) agus an dearadh atá faoi chonspóid chun Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002 i gcomhar le hAirteagal 6 den Rialachán sin a fheidhmiú. Os a choinne sin, is léir ó na forálacha sin go dtagraítear leo chomh maith do nochtadh dearaidh níos luaithe lena dtéitear i bhfeidhm ar dhaoine ar an mórgóir mar a théitear i bhfeidhm ar dhaoine leis an dearadh atá faoi chonspóid.

66 Thairis sin, in aon chás, sa mhéid a fhéachtar trí argóintí an iarratasóra le háitiú go raibh difríochtaí ann idir na dearaí atá i dtreis, bíodh is go dtéitear i bhfeidhm ar dhaoine leo mar an gcéanna, ar dá réir nárbh inchinnte gur chomhionann iad, ní mór diúltú dóibh toisc iad a bheith gan feidhm ó thaobh fheidhmiú Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002.

67 Go deimhin, is léir ón gcásdlí nach bhfuil an cheist maidir le dearadh níos luaithe a nochtadh ina buncheist amháin, ach ina réamhcheist chomh maith, atá le réiteach chun Airteagail 5 agus 6 de Rialachán Uimh. 6/2002 a fheidhmiú go ceart (breithiúnas an 23 Deireadh Fómhair 2018, *Mamas and Papas* v *EUIPO – Wall-Budden (Ráille cliabháin)*, T-672/17, nár foilsíodh, EU:T:2018:707, mír 30). Mar sin, de réir Airteagail 5 agus 6 de Rialachán Uimh. 6/2002, ní gá dearadh a chur i gcomparáid le dearadh eile le húrnuacht agus sainiúlacht an chéad dearaidh a shocrú ach i gcás inar nochtadh an chéad dearadh don phobal (breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2017, *Easy Sanitary Solutions agus EUIPO* v *Group Nivelles*, C-361/15 P agus C-405/15 P, EU:C:2017:720, mír 127) agus i gcás nach inchurtha san áireamh an nochtadh sin de réir Airteagal 7(2) den Rialachán sin.

68 Mar sin, ní intugtha faoi cheist breithnithe an Bhoird Achomhairc ach go háirithe ar dá réir a nocht tríú páirtí an dearadh níos luaithe 'D1' ar bhonn faisnéis arna soláthar nó bearta arna ndéanamh ag an dearthóir, fiú le linn na tréimhse cairde, i gcomhréir le hAirteagal 7(2)(a) agus (b) de Rialachán Uimh. 6/2002, ag argóintí an iarratasóra maidir leis an gcomparáid idir an dearadh atá faoi chonspóid agus an dearadh níos luaithe 'D1'. Go deimhin, baineann a leithéid de bhreithnithe ón mBord Achomhairc, maidir le ceanglais fheidhmiú na forála sin, leis an gcomhthéacs inar nochtadh an dearaidh níos luaithe 'D1' agus ní bhaineann siad le cé acu an gcomhionann nó nach comhionann na dearaí atá i dtreis nó le cé acu an dtéitear i bhfeidhm ar dhaoine mar an gcéanna leo de réir bhrí Airteagail 5 agus 6 den Rialachán sin.

69 Ar an dara dul síos, ní mór diúltú chomh maith d'argóintí an iarratasóra lena n-áitítear gur neamhleanúnach an fhianaise arna tabhairt ar aird ag an idiragraí os comhair EUIPO in Iarscríbhinní R8 agus R10, toisc go léirítear leo a mhalairt de bholgáin agus atá sa dearadh atá faoi chonspóid, toisc iad a bheith gan feidhm ó thaobh fheidhmiú Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002. Go deimhin, níor féachadh tríd an scrúdú arna dhéanamh ag an mBord Achomhairc chuige sin le socrú ar léiríodh dearaí comhionainne leis an bhfianaise arna tabhairt ar aird ag an idiragraí os comhair EUIPO nó an dtéitear i bhfeidhm leis ar dhaoine mar a théitear i bhfeidhm ar dhaoine leis an dearadh atá faoi chonspóid ach ar léiríodh leis an bhfianaise sin gur nochtadh an dearadh níos luaithe i gcomhréir leis na ceanglais dá dtagraítear san fhoráil sin.

70 Mar sin, sa chás seo, ar bhonn scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise arna tabhairt ar aird ag an idiragraí, chinn an Bord Achomhairc, i míreanna 42 agus 43 den chinneadh atá faoi chonspóid, gur léiríodh leis an bhfianaise sin gur nocht tríú gnóthas an dearadh níos luaithe 'D1', ar bhonn

na faisnéise arna tabhairt ar aird ag an idiragraí agus, dá bhrí sin, ós rud é go raibh feidhm ag an eisceacht dá bhforáiltear in Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 6/2002, nár ghá nochtadh dhearadh D1 níos luaithe a chur san áireamh.

71 Is deimhin, i mír 47 den chinneadh atá faoi chonspóid, mar fhreagra ar argóint an iarratasóra, gur léir ó Iarscríbhinn R8 ‘go [ndeachthas] i bhfeidhm ar dhaoine leis an dearadh arna chur i láthair ar an aonach mar a chuathas i bhfeidhm ar dhaoine ar an mórgóir leis an [dearadh] faoi chonspóid’. Ní mór a chinneadh, áfach, nár ceanglaíodh ar an mBord Achomhairc a leithéid de mheasúnú a dhéanamh, rud nach raibh tionchar aige ar an scrúdú ar chomhlíonadh na gceanglas dá dtagraítear in Airteagal 7(2)(a) agus (b) de Rialachán Uimh. 6/2002. Go deimhin, ní raibh baint ag an bhfianaise arna tabhairt ar aird mar údar ag an idiragraí os comhair EUIPO le feidhmiú na forála sin leis an dearadh atá faoi chonspóid, ach leis an gcomhthéacs inar nochtadh an dearaidh níos luaithe ‘D1’.

72 Mar sin, murab ionann agus a bhfuil á líomhain go héiginnte gan bunús ag an iarratasóir, ní inléirithe ar chor ar bith trí na bolgáin atá in Iarscríbhinní R8 agus R10 a chur i gcomparáid leis an dearadh atá faoi chonspóid gur mícheart nó bréagach, mar a líomhnaítear, an fhaisnéis arna soláthar ag an idiragraí ar chomhthéacs nochta an dearadh níos luaithe ‘D1’.

73 Fágann a bhfuil roimhe seo nárbh inchurtha faoi cheist le hargóintí an iarratasóra iad an scrúdú arna dhéanamh ag an Bord Achomhairc ar an bhfianaise ná, tríd is tríd níos mó, breithnithe an Bhoird Achomhairc ar chomhlíonadh na gceanglais dá dtagraítear in Airteagal 7(2)(a) agus (b) de Rialachán Uimh. 6/2002.

74 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don dara cuid den tsaincheist dlí aonair.

75 I bhfianaise a bhfuil roimhe seo, ós rud é go bhfuil saincheist dlí aonair an iarratasóra gan bhunús, ní mór diúltú don chaingean ina hiomláine.

Costais

76 Faoi Airteagal 134(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, ordaítear don pháirtí nár éirigh leis na costais a íoc má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí ar éirigh leis.

77 Ós rud é gur tharla éisteacht agus nár éirigh leis an iarratasóir, ní mór a ordú dó na costais a íoc, i gcomhréir leis an ordú atá á lorg ag EUIPO agus ag an idiragraí.

Ar na forais sin, dearbhaíonn agus ordaíonn an Chúirt (an Dara Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Lidl Vertriebs GmbH & Co. KG na costais a íoc.

Marcoulli Valasidis Spangsberg Grønfeldt

Arna thabhairt i gcúirt phoiblí i Lucsamburg, an 12 Márta 2025.

Sínithe